Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Aibreán 2020
(OR. en)

7344/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0140 (COD)**

**TRANS 155**
**MAR 51**
**MI 113**
**COMER 39**
**CYBER 50**
**ENFOCUSTOM 47**
**DATAPROTECT 38**
**CODEC 280**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Aibreán 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 118 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faisnéis leictreonach ar iompar lastais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 118 final.

Faoi iamh: COM(2020) 118 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.4.2020
COM(2020) 118 final

2018/0140 (COD)

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faisnéis leictreonach ar iompar lastais**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

2018/0140 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faisnéis leictreonach ar iompar lastais**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## 1. CÚLRA

Ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán maidir le faisnéis leictreonach ar iompar lastais (eFTI) an 17 Bealtaine 2018 mar chuid den tríú pacáiste 'An Eoraip ag gluaiseacht'. Tá sé d'aidhm ag an togra an t-ualach riaracháin a laghdú agus éifeachtúlacht i ndáil le hiompar agus lóistíochtaí a fheabhsú trí mhalartuithe digiteacha a chumasú sa chaidreamh idir gnólachtaí agus údaráis.

| | |
|---|---|
| An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2018) 279 final – 2018/0140 COD): | an 17 Bealtaine 2018. |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | an 17 Deireadh Fómhair 2018. |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | an 12 Márta 2019. |
| An dáta a tíolacadh an togra leasaithe: | Neamhbhainteach. |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | an 7 Aibreán 2020. |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is éard atá sa togra ón gCoimisiún tionscnamh nua reachtach a bhfuil sé d'aidhm aige an t-ualach riaracháin a laghdú agus éifeachtúlacht earnáil an iompair a fheabhsú trí choinníollacha a bhunú chun úsáid níos forleithne a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh malartuithe faisnéise rialaitheacha idir na hoibreoirí eacnamaíocha agus na húdaráis. Leagtar síos ann tacar ceanglas aonfhoirmeach maidir le faisnéis rialála a bhaineann leis na hearraí a iompraítear ar chríoch an Aontais a mhalartú i bhfoirm leictreonach.

Ní shocraítear leis an togra ón gCoimisiún ceanglais faisnéise nua. In ionad sin, bunaítear leis an togra na coinníollacha faoina mbeidh oibleagáid ar na húdaráis glacadh le faisnéis a chuirtear faoina mbráid i bhfoirm leictreonach. Is é an príomhchoinníoll go n-úsáidfidh na hoibreoirí eacnamaíocha ardáin shlána dheimhne atá bunaithe ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus an fhaisnéis á cur faoi bhráid na n-údarás acu ar mhodh leictreonach. An tráth céanna, leis an togra ón gCoimisiún cuirtear ceanglas ar na húdaráis tacar rialacha agus nósanna imeachta comhchoiteanna a úsáid, lena n-áirítear sonraíochtaí teicniúla maidir

le rochtain a fháil agus próiseáil a dhéanamh ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn oibreoirí ar mhodh leictreonach. Beidh an rogha ag oibreoirí, ach ní bheidh sé de cheanglas orthu, na modhanna leictreonacha a úsáid in áit modhanna ar pháipéar.

Beidh an timpeallacht dhigiteach nua ag brath go príomha ar mhalartuithe faisnéise meaisín le meaisín, cé go leanfar ar aghaidh ag tacú le formáidí "doiciméad" atá inléite ag an duine lena áirithiú gur féidir leis na húdaráis a ndualgais forfheidhmiúcháin a chomhlíonadh i ngach imthoisc.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE

Léirítear go hiomlán leis an seasamh ón gComhairle an comhaontú polaitiúil a tugadh i gcrích idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an 27 Samhain 2019. Tacaíonn an Coimisiún leis an gcomhaontú sin mar gheall go bhfuil sé i gcomhréir le cuspóirí an togra ón gCoimisiún agus leis na príomhfhorálacha sonracha arna moladh ag an gCoimisiún chun comhlíonadh na gcuspóirí sin a áirithiú. Tá sé d'aidhm ag na hathruithe arna dtabhairt isteach ag an gComhairle forálacha an togra ón gCoimisiún a shoiléiriú nó a mhionsonrú tuilleadh. Cuimsítear leis sin na leasuithe a bhaineann le croí-eilimintí an togra – raon feidhme, gnéithe atá le cinneadh tuilleadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme agus gníomhartha tarmligthe, tréimhse cur chun feidhme agus tréimhse athbhreithnithe amach anseo ina measc:

- Leis an togra ón gCoimisiún, bunaíodh raon feidhme atá sainithe go maith agus dírithe ar na ceanglais faisnéise a bhfuil feidhm ag an Rialachán maidir leo, mar a leagtar amach i ngníomhartha dlí de chuid an Aontais agus gníomhartha dlí náisiúnta lena rialaítear iompar earraí ar chríoch an Aontais, atá liostaithe nó le liostú in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán. Caomhnaíodh leis an seasamh ón gComhairle an raon feidhme dírithe sin agus níor choinníodh ach na tagairtí d'airteagail ábhartha ghníomhartha an Aontais faoi seach, agus rinne sé na tagairtí sin a aistriú ón Iarscríbhinn isteach i gcorp an Rialacháin. Ina theannta sin, chuir an Chomhairle isteach tagairt do ghníomhartha cur chun feidhme nó gníomhartha tarmligthe Threoir 2016/797/AE amach anseo maidir le hidir-inoibritheacht san earnáil iarnróid, i gcás ina nglacfar nó ina leasófar na gníomhartha sin chun ceanglais faisnéise a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin a chur san áireamh. Ó thaobh substainte de, ní athraítear raon feidhme chur chun feidhme an Rialacháin sa seasamh ón gComhairle agus tá na leasuithe sin inghlactha don Choimisiún.
- I bhfianaise a theicniúil is a bheidh cur chun feidhme na timpeallachta eFTI atá beartaithe, níor fhorordaíodh leis an togra ón gCoimisiún na sonraí ar fad a bhaineann le hailtireacht an chórais, ach amháin na príomhghnéithe agus na ceanglais feidhmiúlachta a bheadh le comhlíonadh ag na gnéithe sin. Moladh na rialacha agus na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe a ghlacadh ag céim níos déanaí trí bhíthin gníomhartha de chuid an Choimisiúin, gníomhartha cur chun feidhme den chuid is mó. I gcomhréir le cuspóirí an Choimisiúin, thug an Chomhairle tuilleadh treorach maidir le glacadh na rialacha agus na sonraíochtaí teicniúla sin, go sonrach go bhfuil an Coimisiún ag féachaint go mbeidh tacar comhchoiteann sonraí agus fothacair chomhchoiteanna sonraí eFTI idir-inoibritheach lena mbeidh samhlacha ábhartha sonraí a nglacfar leo go hidirnáisiúnta nó ar leibhéal an Aontais, agus go bhfanfaidh aon sonraíochtaí a nglacfar leo i leith ardáin eFTI neodrach, a mhéid is mó is féidir, ó thaobh na teicneolaíochta de. D'athraigh an seasamh ón gComhairle cineál na gcumhachtaí a tugadh don Choimisiún freisin – ó chumhachtaí cur chun feidhme go cumhachtaí tarmligthe – chun tacar comhchoiteann sonraí agus fothacair chomhchoiteanna sonraí eFTI a bhunú a bheidh ar aon dul leis an bhfaisnéis rialála faoi raon feidhme an Rialacháin. Ba fhreagairt é an t-athrú sin don seasamh ó Pharlaimint na

hEorpa, seasamh a d'iarr sa chéad léamh níos mó rannpháirtíochta ar an bParlaimint maidir le glacadh na rialacha mionsonraithe, agus thacaigh an Coimisiún leis sin.

- Tugadh leis isteach an seasamh ón gComhairle amlínte sonracha freisin maidir le glacadh an chuid is mó de na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe, agus chuir sé siar ar feadh aon bhliain amháin an uair nach mór do na Ballstáit tosú ag glacadh le faisnéis rialála arna cur ar fáil ag oibreoirí eacnamaíocha ar mhodh leictreonach. Ar an iomlán, tá an toradh cothrom, cé go bhfuil sé uaillmhianach. Cuireann sé ar chumas na bpáirtithe leasmhara ar fad – an Coimisiún, údaráis na mBallstát agus gníomhaithe ón earnáil phríobháideach – ullmhú do na hoibleagáidí atá orthu faoin Rialachán sin agus iad a thabhairt i gcrích go tráthúil.
- Agus ar deireadh, chuir an seasamh ón gComhairle roinnt sonraí leis maidir le raon feidhme agus fócas measúnaithe ar cheart a bheith ag gabháil le meastóireacht ón gCoimisiún ar chur chun feidhme an Rialacháin, laistigh de cheithre bliana go leith ó dháta tosaigh chur i bhfeidhm an Rialacháin. Go sonrach, iarrtar ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar thionscnaimh fhéideartha a bhfuil sé d'aidhm acu an mhéid seo a leanas a bhunú:

a) an oibleagáid ar na hoibreoirí eacnamaíocha modhanna leictreonacha a úsáid in ionad modhanna ar pháipéar chun an fhaisnéis rialála a chur ar fáil do na húdaráis; agus

b) idir-inoibritheacht agus idir-nascthacht idir an timpeallacht eFTI agus na córais dhifriúla a úsáideann na húdaráis faoi láthair chun faisnéis rialála a thaifeadadh agus chun rochtain a fháil air faoi ghníomhartha iompair eile de chuid an Aontais nár cuireadh san áireamh mar chuid de raon feidhm an Rialacháin seo.

Tá na leasuithe sin i gcomhréir le cuspóirí beartais an Choimisiúin agus tá an téacs go fóill i gcomhréir le sainphribhléidí institiúideacha an Choimisiúin.

## 4. CONCLÚID

Comhaontaíonn an Coimisiún leis an seasamh a ghlac an Chomhairle ar an gcéad léamh. Léiríonn an seasamh sin toradh na hidirbheartaíochta idir na trí Institiúid ina iomláine. Cloch mhíle thábhachtach a bheidh i nglacadh an téacs comhaontaithe seo ag Parlaimint na hEorpa ar an dara léamh d'fhonn cuspóirí comhroinnte a bhaint amach maidir leis an ualach riaracháin a laghdú, forfheidhmiú na rialacha a fheabhsú agus céimeanna cinntitheacha earnáil an iompair agus earnáil na lóistíochta a chur chun cinn d'fhonn claochlú digiteach a bhaint amach, claochlú a bhfuil géarghá leis.